Deontas Costais Maireachtála chun tacú le hIar-Bhunscoileanna sa Scéim Oideachais Saor in Aisce (2023/2024-An Dara Tráthchuid)

1. Réamhrá

Leagtar amach i gCiorclán 0001/2024 an socrú maidir leis an dara tráthchuid den deontas costais maireachtála a íoc. Déantar é seo chun a chinntiú go mbeidh tacaíochtaí airgeadais ar fáil d'iar-bhunscoileanna aitheanta sa Scéim Oideachais Saor in Aisce chun freastal ar chostais bhreise fuinnimh agus costais reatha mhéadaithe eile ó lá go lá. Eisíodh an dara tráthchuid an tseachtain seo caite.

Eisíodh an chéad tráthchuid den deontas seo do scoileanna i mí Dheireadh Fómhair 2023, féach Treoirlíne Airgeadais 13-2023/2024.

2. Príomhghnéithe an deontais

- Déanfar an deontas a ríomh bunaithe ar rollú daltaí aitheanta amhail an 30 Meán Fómhair 2022.
- Tá na rátaí feabhsaithe iníoctha i gcás daltaí atá ag freastal ar scoileanna speisialta agus ranganna speisialta agus daltaí den Lucht Siúil atá ag freastal ar scoileanna príomhshrutha.
- Táthar ag súil nach mbeadh ar scoileanna ranníocaíochtaí deonacha breise a lorg ó thuismitheoirí.
- Ba cheart do bhoird bhainistíochta leanúint ar aghaidh ag lorg tacaíochta maidir le hollsholáthar um bhreoslaí téimh agus rátaí leictreachais ó shuíomh gréasáin an Aonaid um Sholáthar Scoileanna www.spu.ie

3. Rátaí an dara tráthchuid

Rátaí in aghaidh an duine don dara tráthchuid den Deontas Costais Maireachtála d'iar-bhunscoileanna sa Scéim Oideachais Saor in Aisce	
Cineál an Deontais	**Ráta**
Deontas Caighdeánach	€50.00
Deontas Ranga Speisialta	€35.00
Deontas don Lucht Siúil	€38.00

Sampla den dara tráthchuid den Deontas Costais Maireachtála d'iar-bhunscoileanna sa Scéim Oideachais Saor in Aisce	
Líon na nDaltaí ar an Rolla	**Luach an Deontais**
200	€10,000
400	€20,000
600	€30,000
800	€40,000
1000	€50,000
1600	€80,000
Tabhair do d'aire: Tá na ríomhanna sa tábla seo bunaithe ar an ráta caighdeánach príomhshrutha	

Eisíodh an dara tráthchuid den deontas an tseachtain seo caite.

In **Aguisín A** tá rátaí iomlána rátaí na chéad tráthchoda a íocadh le scoileanna i mí Dheireadh Fómhair 2023.

4. Maoirseacht Airgeadais

Ba cheart an t-ioncam deontais a thaifeadadh go cuí i gcuntais na scoile.
Ní mór an cód cuntasaíochta seo a leanas a úsáid chun admháil an deontais a thaifeadadh.

Cód Ainmniúil	Cur síos	Cineál	Catagóir
3289	Deontas Costas Maireachtála Aonu	Ioncam	An Roinn Oideachais

Is féidir an caiteachas a thaifeadadh sa chuntas ainmniúil cuí atá ann cheana féin, mar shampla 5510 Costais Téimh nó 5550 Costas Solais agus Cumhachta.

Ba cheart aon cheisteanna maidir le Ciorclán 0001/2024 a sheoladh chuig Rannán Airgeadais na Scoileanna ag sdfinfo@education.gov.ie

Guthán: 01-269 0677
info@fssu.ie

An 8 Eanáir 2024

Aguisín A

Rátaí na chéad tráthchoda – a íocadh le hIar-Bhunscoileanna sa Scéim Oideachais Saor in Aisce i mí Dheireadh Fómhair 2023

Rátaí in aghaidh an duine don chéad tráthchuid den Deontas Costais Maireachtála d'iar-bhunscoileanna sa Scéim Oideachais Saor in Aisce	
Cineál an Deontais	**Ráta**
Deontas Caighdeánach	€25.00
Deontas Ranga Speisialta	€18.00
Deontas don Lucht Siúil	€19.00

Sampla den chéad tráthchuid den Deontas Costais Maireachtála d'iar-bhunscoileanna sa Scéim Saoroideachais	
Líon na nDaltaí ar an Rolla	**Luach an Deontais**
200	€5,000
400	€10,000
600	€15,000
800	€20,000
1000	€25,000
1600	€40,000
Tabhair do d'aire: Tá na ríomhanna sa tábla seo bunaithe ar an ráta caighdeánach príomhshrutha	

Rátaí Iomlána don Deontas Costais Maireachtála le haghaidh 2023/2024

Rátaí Iomlána in aghaidh an duine don Deontas Costais Maireachtála d'iar-bhunscoileanna sa Scéim Oideachais Saor in Aisce	
Cineál an Deontais	**Ráta**
Deontas Caighdeánach	€75.00
Deontas Ranga Speisialta	€53.00
Deontas don Lucht Siúil	€57.00

Tá tuilleadh eolais maidir leis an gcéad tráthchuid le fáil i gCiorclán 0056/2023.